An Polasaí um Chosaint Leanaí

Gaisce the President's Award

Ráiteas Misin

Cur le forbairt gach duine óg trí dhúshláin phearsana a bhaint amach.

Grianghraif an chlúdaigh, ar deiseal ón mbarr ar dheis:

Pátrún Gaisce, an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa; Rannpháirtí Cré-umha, Ashling Daly ar Chlár Traenála Eachtraíochta Óglaigh na hÉireann; Cathaoirleach Gaisce, an Dochtúir Laurence Crowley le Rannpháirtithe Cré-umha, Jeffery Corr agus Laura Hughes ag imirt snúcair in Ionad Mhaigh Rois; Ceannaire Ghradam an Uachtaráin agus Sealbhóir Fiúntais Chathrach, Brídgín Ní Cheallaigh.

Clóbhuailte ar pháipéar athchúrsáilte

Nósanna Imeachta don Fhoireann agus do Cheannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna)

Réamhrá 3

Cé Leis a mBaineann an Polasaí um Chosaint Leanaí seo? 3

An fhreagracht le Tuairisciú a Dhéanamh má tá Tuairim ann go Bhfuil Mí-Úsáid á Tabhairt nó má tá Mí-Úsáid á Tabhairt 3

1 Mí-Úsáid Leanaí á Sainiú agus á hAithint 4

1.1 Faillí 4
1.2 Mí-Úsáid Mhothúchánach 4
1.3 Mí-Úsáid Chorpartha 5
1.4 Mí-Úsáid Ghnéasach 5

Iompraíocht Ionsaitheach 6

2 Nósanna Imeachta á dTuairisciú 7

2.1 Conas Freagra a Thabhairt 7
2.2 Cad a Dhéanann PAL má tá siad den Tuairim go Bhfuil Mí-Úsáid á Tabhairt do Dhuine Óg nó Faillí á Déanamh ann? 9
2.3 Cad a Tharlaíonn má tá Forais Réasúnacha le hÚdar Imní a Bheith ann? 9

3 Duine Ainmnithe 11

4 Cód Iompraíochta don Fhoireann, PALanna, Oibrithe Deonacha agus Rannpháirtithe atá Bainteach le Gaisce 13

4.1 Nósanna Imeachta do PALanna, Oibrithe Deonacha agus Foireann Gaisce atá Bainteach le Gníomhaíochtaí Thar Oíche 14
4.2 Daoine Fásta Eile Seachas na PALanna atá Bainteach le Cuidiú leis an nGradam 16
4.3 Treoirlínte ar Úsáid Teicneolaíochta 16
4.4 Cód Iompair ar Úsáid Fón Ceamara 17
4.5 Polasaí ar Úsáid Ceamaraí agus Íomhánna Closamhairc 18

5 Nósanna Imeachta le PALanna a Roghnú agus Réamhscrúdú a Dhéanamh Orthu 19

5.1 PALanna á Roghnú 19
5.2 PALanna á Réamhscrúdú 20

6 Ag Déileáil le Líomhaintí i gCoinne na Foirne agus PALanna 21

Aguisín 1 Sampla d'Fhoirm Toilithe 22

Aguisín 2 Sampla d'Fhoirm Sláinte 23

Tá Gaisce – Gradam an Uachtaráin tiomanta go hiomlán le folláine na rannpháirtithe a chosaint ó dhíobháil agus faillí chorpartha, ghnéasach agus mhothúchánach.

Glacann Gaisce leis go bhfuil fíorthábhacht ag baint le gach gné ina bhfuil cosaint leanaí, leas agus cosaint an duine óig i gceist. Aidhm an pholasaí um chosaint leanaí seo agus an chóid iompraíochta seo is ea daoine óga, an fhoireann agus Ceannairí Ghradam an Uachtaráin (PALanna) atá bainteach le clár an Ghradaim a chosaint.

Tá na hábhair seo a leanas clúdaithe ann:

1 **Mí-úsáid Leanaí á sainiú agus á aithint**
2 **Tuairisciú agus nósanna imeachta**
3 **Ról an Duine Aimnithe**
4 **Cóid iompraíochta don fhoireann, do na PALanna agus rannpháirtithe atá bainteach le Gaisce**
5 **Nósanna imeachta le PALanna a roghnú agus réamhscrúdú a dhéanamh orthu**
6 **Ag déileáil le líomhaintí i gcoinne na foirne nó PALanna**

Réamhrá

Is ábhar casta é mí-úsáid leanaí, agus tuigtear go bhféadfadh daoine a bheith drogallach agus a admháil go bhfuil sí ar bun. B'fhéidir go mbeadh faitíos ar bhaill den phobal nó ar an lucht proifisiúnta go gceapfaí gur daoine neamhghoilliúnacha iad, go bhfuil rúin á sceitheadh acu nó go bhfuil an chuma air go bhfuil siad mídhílis má thuairiscíonn siad go bhfuil siad den tuairim go bhfuil mí-úsáid leanaí ar bun. Ach, má tharlaíonn idirghabháil luath tá seans ann go laghdófaí an baol atá ann go dtarlódh díobháil mhór do pháiste ag an am nó sa todhchaí.

Ba chóir an doiciméad polasaí seo a léamh in éineacht leis an bPolasaí um Chosaint Leanaí atá curtha i bhfeidhm ag eagraíocht ar bith a bhfuil rannpháirtí nó Ceannaire Ghradam an Uachtaráin (PAL) bainteach léi.

Cé Leis a mBaineann an Polasaí um Chosaint Leanaí seo?

Baineann an polasaí um chosaint leanaí seo le gach fostaí de Gaisce – Gradam an Uachtaráin chomh maith leis na PALanna uile agus oibrithe deonacha eile. Ní mór do gach duine a mbaineann an polasaí leo eolas a chur ar an bpolasaí sula mbíonn baint acu le Gaisce.

An fhreagracht le Tuairisciú a Dhéanamh má tá Tuairim ann go Bhfuil Mí-Úsáid á Tabhairt nó má tá Mí-Úsáid á Tabhairt

Tá an fhreagracht nó an dualgas cúraim ar dhuine ar bith atá den tuairim go bhfuil mí-úsáid á tabhairt do pháiste, nó go bhfuil an baol mí-úsáide ann, a n-údar imní a thuairisciú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, go díreach nó tríd an duine ainmnithe. Tugann *An tAcht um Chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998* cosaint ar dhliteanas sibhialta do dhaoine a thuairiscíonn mí-úsáid leanaí *'go réasúnach agus de mheon macánta'* chuig Duine Ainmnithe (sa chás seo an duine atá sonraithe i gCuid 3 den doiciméad seo), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó na Gardaí (*Children First, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children 1999 lch. 37*).

1 Mí-Úsáid Leanaí á Sainiú agus á hAithint

An sainmhíniú ar leanbh ná duine ar bith faoi bhun 18 mbliana d'aois seachas duine atá nó a bhí pósta. Is iondúil go mbaineann na ceithre chatagóir seo a leanas le mí-úsáid leanaí.

1.1 Faillí

Go hiondúil is mar neamhghníomh a dhéantar faillí a shainmhíniú, áit arb é díobháil mhór do pháiste nó lagú ar fhorbairt an pháiste is toradh le bia, éadaí, teas, sláinteachas, spreagadh intleachtúil, maoirseacht agus sábháilteacht, cúram leighis nó ceangal agus cion tuismitheora a shéanadh air/uirthi. Sroichtear tairseach na díobhála móire nuair a dhéantar faillí ar ghá an pháiste chomh mór sin go gcuireann sé isteach go mór ar fholláine agus/nó ar fhobairt an pháiste. (*Children First, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children 1999, lch. 31.)*

1.2 Mí-Úsáid Mhothúchánach

Go hiondúil bíonn mí-úsáid mhothúchánach le fáil sa ghaol idir cúramóir agus páiste níos mó ná in aon eachtra amháin nó i sraith eachtraí. Tarlaíonn a leithéid nuair nach ndéantar freastal ar ghá an linbh le cion, faomhadh, comhsheasmhacht agus slándáil. Is annamh a thagann sé chun solais i dtéarmaí airíonna fisiciúla. Léiríonn leanaí airíonna de mhí-úsáid mhothúchánach trína n-iompraíocht (mar shampla an iomarca ceana don tuismitheoir nó don chúramóir nó an tuismitheoir nó an cúramóir á sheachaint), trína riocht mothúchánach (lagmheas air/uirthi féin, míshonas) nó trína bhforbairt. Sroichtear tairseach na díobhála móire nuair a ghlacann idirghníomhaíochtaí mí-úsáideacha ceannas ar an gcaidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir nó an cúramóir agus nuair is cuid den ghnáthchaidreamh iad. (*Children First, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children 1999, lch. 31-32.*)

1.3 Mí-Úsáid Chorpartha

Is éard atá i gceist le mí-úsáid chorpartha ná gortú de chineál ar bith nach trí thimpiste a tharlaíonn sé nó timpiste ar bith a tharlaíonn toisc go bhfuil teip go toiliúil nó trí fhaillí le cosaint a thabhairt do leanbh. Is iad seo a leanas samplaí de mhí-úsáid chorpartha:

- Croitheadh
- An iomarca fórsa á úsáid le linn láimhseála
- Nimhiú d'aonghnó
- Plúchadh
- Seach-Siondróm Munchausen (nuair a chumann tuismitheoirí scéalta faoi thinneas atá ar a bpáiste nó nuair a tharraingíonn siad airíonna corpartha tinnis), nó
- Díobháil mhór á ceadú i leith páiste nó baol mór a chruthú go dtarlódh díobháil mhór. (*Children First, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children 1999, lch. 32.)*

1.4 Mí-Úsáid Ghnéasach

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a úsáidtear páiste ar mhaithe le duine eile a shásamh nó ar mhaithe le mothúcháin ghnéasacha a mhúscailt i ndaoine eile. Is iad seo a leanas samplaí de mhí-úsáid ghnéasach:

- Na gnéasorgáin a nochtadh nó gníomh gnéasach ar bith a dhéantar i láthair páiste,
- teagmháil bheartaithe nó ainteagmháil a dhéanamh ar chorp páiste ag duine nó ag rud ar mhaithe le mothúcháin ghnéasacha a mhúscailt nó le duine eile a shásamh,
- glacaireacht aonair a dhéanamh i láthair páiste nó páiste a thabhairt isteach i gcomh-ghlacaireacht,

Mí-Úsáid Leanaí á Sainiú agus á hAithint

- caidreamh collaí a dhéanamh le páiste, bíodh sin ó bhéal, faighneach nó anasach,
- dúshaothrú gnéasach a dhéanamh ar pháiste, nó
- gníomh gnéasach comhthoilíoch idir duine fásta agus páiste faoi bhun 17 mbliana d'aois.

Tabhair faoi deara, maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, chun críocha an dlí choiriúil, an aois toilithe do chaidreamh collaí ná 17 mbliana d'aois. (*Children First, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children 1999, lch. 33.)*

Iompraíocht Ionsaitheach

Cé nach bhfuil bulaíocht i gcatagóir leis féin, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi ó thaobh mí-úsáide leanaí de. Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar fhorrántacht leantach chainte, shíceolaíochta nó chorpartha, a dhéanann duine nó grúpa ar dhaoine eile. Tarlaíonn iompraíocht bulaíochta i suíomh ar bith: sna scoileanna, sa bhaile nó i suíomh a bhaineann le Gaisce. Sa chéad ásc tá freagracht ar an PAL/bhfostaí déileáil leis an mbulaíocht a d'fhéadfadh a bheith ar siúl laistigh den eagraíocht. Mheasfaí mí-úsáid chorpartha nó mhothúchánach mar na cineálacha iompraíochta bulaíochta is measa, agus tá siad le tuairisciú chuig na húdaráis reachtúla.

Ba chóir go mbeadh polasaí soiléir maidir le hiompraíocht bulaíochta a chomhrac ag gach grúpa Gaisce. Ba chóir go mbeadh na rannpháirtithe ar an eolas faoin bpolasaí sin agus ba chóir go gcuirfeadh na PALanna i bhfeidhm é. Níor chóir glacadh le cásanna faoi imthoisc ar bith agus ba chóir déileáil leo láithreach. Le haghaidh tuilleadh eolais ar bhulaíocht, is acmhainn iomlán frithbhulaíochta í *"Let's beat bullying"* dóibh siúd atá ag obair le daoine óga i suíomhanna oibre don ógra agus tá sí ar fáil le híoslódáil ó *www.youthhealth.ie*.

2 Nósanna Imeachta á dTuairisciú

Cuireann Gaisce timpeallacht ar fáil a spreagann slándáil, muinín agus iontaoibh, a chumasaíonn daoine óga le bheith in ann a n-údar imní a chomhroinnt. Roghnóidh duine óg duine go cúramach le labhairt leo faoi rún. Beidh an duine a roghnaíonn siad mar dhuine a bhfuil iontaoibh agus muinín acu ann.

Tá sé tábhachtach go mothaíonn duine óg a nochtann mí-úsáid leanaí go bhfuil tacaíocht á fáil agus go n-éascaítear é dóibh i bpróiseas a d'fhéadfadh a bheith scanrúil agus trámach dóibh. B'fhéidir go mbeidh duine óg ag mothú go bhfuil siad i bponc, go bhfuil eagla orthu, feargach, lagmhisniúil agus ciontach. Tá sé tábhachtach nach mothaíonn daoine a bhféadfadh mothúcháin diúltacha a bheith acu níos measa leis an gcineál freagra a fhaigheann siad. Tá duine óg a sceitheann mí-úsáid leanaí le PAL tar éis iontaoibh a chur ann agus ní mór caitheamh lena nochtadh go measúil, go tuisceanach, go práinneach agus go cúramach.

2.1 Conas Freagra a Thabhairt

Tá sé ríthábhachtach go gcaitear le nochtuithe go tuisceanach agus go discréideach. Ba chóir do dhuine ar bith a fhreagraíonn do dhuine óg a nochtann a leithéid na céimeanna seo a leanas a ghlacadh.

- Glac go dáiríre leis an rud a deir an duine óg.
- Mar fhreagra air gníomhaigh go réidh, mar má dhéantar ró-fhrithghníomhú d'fhéadfaí imeagla a chur ar an duine óg agus d'fhéadfaí cur leis na mothúcháin chiontachta a d'fhéadfadh a bheith acu.
- Athdheimhnigh leis an duine óg go raibh an ceart acu agus an rud a tharla a insint do dhuine.
- Éist go cúramach agus go haireach.

Nósanna Imeachta á dTuairisciú

- Ná cuir treoircheisteanna choíche.
- Cuir ceisteanna oscailte le soiléiriú a dhéanamh ar an rud atá á rá agus déan iarracht nach mbíonn orthu an rud a dúirt siad leat a athrá.
- Ná tabhair gealltanas go gcoinneoidh tú rudaí faoi rún.
- Cuir comhairle orthu go dtabharfaidh tú tacaíocht dóibh ach nach mór duit an fhaisnéis a chur ar aghaidh.
- Ná léirigh aon tuairimí maidir leis an mí-úsáideoir líomhanta leis an duine a thugann an tuairisc duit.
- Mínigh agus cinntigh go dtuigeann an duine óg cad é an chéad chéim eile.
- Ná tabhair aghaidh ar an mí-úsáideoir líomhanta.
- Scríobh síos an rud a dúradh díreach i ndiaidh an chomhrá, chomh maith leis na hainmneacha díobh siúd a bhí i gceist, cad a tharla, cén áit, cathain, má bhí finnéithe ar bith agus aon fhachtóirí suntasacha eile agus nótáil aon mharc infheicthe ar an duine a thugann an tuairisc nó comhartha ar bith a thug tú faoi deara.
- Ní mór don duine a dhéanann taifeadadh ar an teagmhas síniú agus dáta a chur ar gach tuairisc agus an t-am a cuireadh na nótaí le chéile a chur in iúl.
- Cinntigh nach bhfuil an fhaisnéis ach ag na daoine ar gá a bheith ar an eolas faoi.
- Cuir ar aghaidh líomhaintí ar bith chuig an Duine Ainmnithe láithreach. Níor chóir d'fhoireann Gaisce ná do PALanna imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí.

2.2 Cad a Dhéanann PAL má tá siad den Tuairim go Bhfuil Mí-Úsáid á Tabhairt do Dhuine Óg nó Faillí á Déanamh ann?

- Déan cinnte chomh fada agus is féidir nach n-eascraíonn cás ar bith ina mbeadh tuilleadh riosca i gceist don duine.
- Déan na fíricí mar atá siad ar eolas agat a thaifeadadh. Cuir ainm an duine óig, an seoladh, an t-údar imní, an líomhain nó an nochtadh agus, más féidir, faisnéis faoi thuismitheoir nó caomhnóir. Tabhair cóip don Duine Ainmnithe. Coinneoidh an Duine Ainmnithe an fhaisnéis seo in áit shábháilte.
- Cuir tuairisc ar fáil don Duine Ainmnithe in Gaisce, darbh ainm Marion Irwin. Is féidir teagmháil a dhéanamh léi ar **01 475 8746** nó **087 629 0788**. Mura bhfuil sí ar fáil, tabhair cóip den tuairisc d'Ionadaí an Duine Ainmnithe, darbh ainm John T. Murphy. Tá seisean ar fáil ar **01 475 8746** or **087 254 7430**.

2.3 Cad a Tharlaíonn má tá Forais Réasúnacha le hÚdar Imní a Bheith ann?

Má tá forais réasúnacha le húdar imní a bheith ann, cuirfidh an Duine Ainmnithe tuairisc ar fáil don oibrí sóisialta ar dualgas d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. D'fhéadfadh na samplaí seo a leanas a bheith mar fhorais réasúnacha le húdar imní a bheith ann.

- Comhartha ar leith ón rannpháirtí go raibh mí-úsáid á tabhairt dóibh.
- Cuntas ó dhuine a chonaic mí-úsáid á tabhairt do dhuine óg.
- Fianaise, ar nós díobháil déanta nó iompraíochta duine, a tharlaíonn de bharr mí-úsáide agus is é is dóichí nach dtarlódh sé bealach ar bith eile.

Nósanna Imeachta á dTuairisciú

- Díobháil atá déanta nó iompraíocht duine a tharlaíonn de bharr mí-úsáide agus ina bhfuil míniú neamhurchóideach ach ina bhfuil comharthaí a thacaíonn le húdar imní a bheith ann gur tharla mí-úsáid. Sampla de seo ná patrún díobhálacha, míniú dochreidte agus comharthaí eile de mhí-úsáid nó iompraíocht mhífheidhmiúil.
- Comhartha leanúnach thar tréimhse ama go bhfuil páiste ag fulaingt de bharr faillí corpartha. (*Children First 1999, lch. 38.)*

Má tá duine ó i mbaol ar an bpointe, ba chóir don PAL teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána.

Cinnteoidh an Duine Ainmnithe go rachaidh an duine is feiliúnaí, i bhfocail eile, Oifigeach Forbartha Réigiúnaí Gaisce nó an PAL, i gcomhairle le tuismitheoirí nó caomhnóir an duine óig maidir leis an údar imní agus an dóchúlacht go dtabharfar tuairisc d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ach amháin mura bhfuil sé ar mhaithe an duine óig a leithéid a dhéanamh.

Ní amhras réasúnach ná forais réasúnacha le húdar imní a bheith ann é amhras nach bhfuil tacaithe le comhartha oibiachtúil de mhí-úsáid ná d'fhaillí.

Mar sin féin, ba chóir na hamhrais seo a thaifeadadh nó ba chóir go ndéanfadh an Duine Ainmnithe iad a nótáil go hinmheánach, toisc go bhféadfaí cinneadh a dhéanamh tuairisc a thabhairt má bhíonn amhras amach anseo. Féadfaidh go gcuirfidh amhrais roimhe faisnéis thábhachtach ar fáil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

3 Duine Ainmnithe

An Duine Ainmnithe ná an teideal a thugtar don duine atá ceaptha ag Gaisce le déileáil le saincheisteanna um chosaint leanaí a thuairiscíonn PALanna, foireann Gaisce nó daoine óga atá rannpháirteach i gclár an Ghradaim.

An Duine Ainmnithe do Gaisce is ea Marion Irwin, agus is féidir teagmháil a dhéanamh léi ag **01 475 8746** nó **087 629 0788**.

Mura bhfuil Marion Irwin ar fáil Ionadaí an Duine Ainmnithe is ea John T. Murphy, agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis ag **01 475 8746** nó **087 254 7430**.

Cinnteoidh an Duine Ainmnithe go ndéanfaidh sé/sí na nithe seo a leanas, nó mura bhfuil sé/sí i láthair, go ndéanfaidh duine eile san eagraíocht iad.

- Feidhmiú taobh istigh de na treoirlínte atá ceadaithe ag Gaisce agus ag an Rialtas.
- Má tá údar imní ann tuairisciú a thabhairt ar amhrais agus líomhaintí mí-úsáide leanaí d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Naisc le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chruthú agus a choinneáil chomh maith le gníomhaireachtaí agus grúpaí acmhainne eile cuí.
- Gníomhú athleanúna a éascú.
- Comhairle a chur ar bhaill foirne Gaisce maidir le cásanna aonair de réir mar is cuí.
- Comhairle a chur ar fáil maidir leis an gcleachtas is fearr agus a chinntiú go bhfuil Polasaí um Chosaint Leanaí Gaisce agus na nósanna imeachta á leanúint.
- Oiliúint agus ceardlanna ar threoirlínte i dtaca le cosaint leanaí a eagrú agus/nó a éascú.

Duine Ainmnithe

- Na taifid chearta a choinneáil ar gach cás a gcuirtear ar aghaidh chucu i mbealach sábháilte agus rúnda.
- Coinneáil suas chun dáta ar na forbairtí reatha maidir le foráil, cleachtas, oibleagláidí dlíthiúla agus polasaí.
- A chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar an bPolasaí um Chosaint Leanaí seo gach bliain.
- A chinntiú go ndírítear aire fhoireann uile Gaisce agus gach PAL ar pholasaithe agus nósanna imeachta Gaisce.
- Eolas a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach maidir le saincheisteanna um chosaint leanaí de réir mar a thagann siad aníos.

Ní mór gach líomhain nó amhras maidir le ball d'fhoireann an Ghradaim nó PAL, is cuma cé chomh mion is atá sé, a chur ar aghaidh láithreach agus díreach chuig:

- ***an Duine Ainmnithe (Marion Irwin* 01 475 8746 *nó* 087 629 0788*), nó mura bhfuil sí ar fáil***
- ***ionadaí an Duine Ainmnithe (John T. Murphy* 01 475 8746 *nó* 087 254 7430*).***

4 Cód Iompraíochta don Fhoireann, PALanna, Oibrithe Deonacha agus Rannpháirtithe atá Bainteach le Gaisce

- Ba chóir go mbeadh PALanna, oibrithe deonacha eile agus foireann Gaisce tuisceanach ar na rioscaí atá ann le bheith rannpháirteach i roinnt spórt teagmhála le daoine óga. Ba chóir dóibh a bheith aireach in áiteanna ar nós linnte snámha, áiteanna chun athraithe srl.
- Ba chóir go dtuigfeadh PALanna, oibrithe deonacha eile agus foireann Gaisce go bhféadfaí daoine eile a mhaslú le jócanna a bhaineann le cúrsaí gnéis agus níor chóir iad a insint agus daoine óga i láthair.
- Ba chóir go dtuigfeadh PALanna agus an fhoireann na himpleachtaí atá ann má bhíonn an iomarca baint acu nó má chaitheann siad a lán ama le haon duine óg amháin.
- Ba chóir go dtuigfeadh PALanna, oibrithe deonacha eile agus foireann Gaisce an baol a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh sábháilteachta pearsanta de má chasann siad le duine óg go haonarach i seomra. Más féidir, ba chóir an doras a choinneáil oscailte nó a chur in iúl do chomhghleacaí go mbeidh siad ina n-aonar sa seomra leis an duine atá i gceist.
- Sa chás go dtagann údar imní ar PAL, oibrí deonach eile nó ball foirne Gaisce maidir leis an gcineál caidreamh a bhfuil baint acu féin nó ball foirne, oibrí deonach nó duine óg eile leis, ba chóir dóibh é a phlé le maoirseoir nó le comhghleacaí le taithí.
- Níor chóir go mbeadh caidreamh corpartha ag PAL, oibrí deonach eile nó ball foirne Gaisce le duine óg ná le rannpháirtí den Ghradam.
- Ba chóir do gach foras oibríoch den Ghradam cód iompair a chur i bhfeidhm agus bunrialacha a leagan amach, polasaí frithbhulaíochta san áireamh, a thuigfidh gach rannpháirtí, a mbeidh siad comhaontaithe faoi agus a mbainfidh siad úsáid as.

Cód Iompraíochta don Fhoireann, PALanna, Oibrithe Deonacha agus Rannpháirtithe atá Bainteach le Gaisce

- Ba chóir iarrachtaí a dhéanamh i measc na ndaoine óga agus dearcadh dearfach a fhorbairt ina bhfuil meas ar spás pearsanta, sábháilteacht agus príobháideachas a bpiaraí.
- Má chuireann PAL, oibrí deonach eile nó ball foirne iompar ar fáil le linn dóibh a bheith bainteach le Gaisce, ba chóir, más féidir, beirt rannpháirtí nó níos mó a bheith sa charr. Níor chóir iompar ar bith a chur ar fáil ach amháin má tá tuismitheoirí nó caomhnóirí an duine óig go hiomlán ar an eolas faoi agus má thoilíonn siad a leithéid.
- Ní cead do PALanna, oibrithe deonacha eile agus foireann Gaisce pionós coirp a chur ar dhuine óg nó mí-úsáid ó bhéal a thabhairt dó.
- Tá an cóimheas ceannairí aosacha le rannpháirtithe tábhachtach agus gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl. Ba chóir duine fásta amháin ar a laghad a bheith ann do gach 10 rannpháirtí agus beirt duine fásta ar a laghad do gach grúpa. Seans go mbeidh gá an líon seo a bheith éagsúil de réir chóimheas na rannpháirtithe fireanna le rannpháirtithe baineanna, inscne na gceannairí, an cineál gníomhaíochta atá ar bun agus cumas na rannpháirtithe.

4.1 Nósanna Imeachta do PALanna, Oibrithe Deonacha agus Foireann Gaisce atá Bainteach le Gníomhaíochtaí Thar Oíche

Agus daoine óga á dtabhairt chuig a ngníomhaíocht eachtrach, ba chóir do PALanna agus foireann Gaisce na nithe seo a leanas a thógáil san áireamh.

- **Sábháilteacht** – Ba chóir anailís guaiseanna agus measúnú rioscaí a chur i gcrích i gcónaí, go háirithe má cheaptar go mbeidh páirt á glacadh ag rannpháirtí Ghradam i ngníomhaíocht ina bhfuil baol mór i gceist ar nós sléibhteoireachta, dreapadóireachta, spórt uisce srl.

- **Cumarsáid** – Ba chóir do PAL fón póca a thabhairt leis an gceallra luchtaithe go hiomlán i gcónaí i gcás eigeandálaí. Ba chóir go mbeadh uimhreacha teagmhála éigeandála do na tuismitheoirí nó caomhnóirí a bheith ar fáil do na ceannairí i gcónaí.
- **Árachas** – Ba chóir go gcinnteodh PAL go bhfuil árachas faighte agus gur leor é le gach gné den turas a chlúdach.
- **Toiliú** – Ba chóir toiliú i scríbhinn a fháil ó na tuismitheoirí nó caomhnóirí sula dtógtar daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois ar turas. (Féach Aguisín 1.)
- **Údar Imní Liachta** – Ba chóir do PALanna a bheith cinnte go bhfuil mála garchabhrach le stoc iomlán ann acu agus go bhfuil aon fhaisnéis liachta chuí acu faoi rannpháirtithe an Ghradaim, mar shampla ailléirgí, córacha leighis srl. (Féach Aguisín 2.)
- **Socruithe Codlata** – Ba chóir go mbeadh áiteanna codlata ar leith don lucht fireann agus don lucht baineann agus faoi mhaoirseacht ag beirt duine fásta d'inscne chéanna an ghrúpa atá faoi mhaoirseacht.
- **Iompar** – Féadtar go mbeidh deacracht ann agus caighdeáin agus dea-chleachtas á gcoinneáil in atmaisféar suaimhneach ar turas as baile, toisc gur féidir dul thar na gnáth-theorainneacha agus caighdeáin iompraíochta go neamh-aireach. Ba chóir go gcomhaontódh PALanna agus foireann Gaisce cód iompraíochta agus bunrialacha leis na rannpháirtithe sula n-imíonn siad.
- **An Cóimheas Ceannaire le Rannpháirtí** – Ba chóir cloí leis an gcóimheas ceannaire amháin le gach 10 rannpháirtí agus ba chóir go mbeadh beirt cheannaire ar a laghad rannpháirteach sa ghníomhaíocht í féin ar fhaitíos go mbeadh timpiste nó go dtarlódh teagmhas ina mbeadh an grúpa éislinneach dá bharr.

Cód Iompraíochta don Fhoireann, PALanna, Oibrithe Deonacha agus Rannpháirtithe atá Bainteach le Gaisce

4.2 Daoine Fásta Eile Seachas na PALanna atá Bainteach le Cuidiú leis an nGradam

Ba chóir do na PALanna gach iarracht a dhéanamh daoine fásta eile a chuidíonn leis an nGradam a chur ar an eolas faoin lámhleabhar ar an gcód iompraíochta agus an dualgas cúraim. Tá an lámhleabhar seo ar fáil ón bPríomhoifig i gCaisleán Bhaile Átha Cliath nó is féidir é a íoslódáil ónár suíomh gréasáin, *www.gaisce.ie*.

4.3 Treoirlínte ar Úsáid Teicneolaíochta

Fóin phóca, Fóin cheamara, ceamaraí agus trealamh closamhairc.

- Féadfaidh fón póca a bheith mar mhodh cumarsáide den scoth agus uirlis shábháilteachta do gach duine, daoine óga san áireamh. Ach, is féidir fóin phóca a úsáid le bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile trí theachtaireachtaí téacs nó pictiúir atá bagrach agus míthaitneamhach. Ba chóir caitheamh leis an iompraíocht seo sa bhealach céanna is a chaitear le cineál eile ar bith bulaíochta.
- Ba chóir go gcomhaontódh PALanna agus rannpháirtithe polasaí nó na bunrialacha le chéile ar úsáid na bhfón póca agus iad i mbun gníomhaíochtaí Gaisce.
- Ba chóir comhairle a chur ar dhaoine óga teachtaireachtaí nó pictiúir ollionsaitheacha a shábháil agus a chur in iúl láithreach do dhuine fásta i gcónaí. Má dhéantar teachtaireachtaí a stóráil, is féidir iad a rianú agus an ciontóir a aimsiú.
- Ba chóir do PALanna comhairle a chur ar dhaoine óga maidir leis an ngá atá ann fóin phóca a úsáid go cúramach agus gan aon chathú a bheith orthu a bhfón a úsáid le bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine eile ná cead a thabhairt do dhaoine eile a bhfóin phóca a úsáid le bulaíocht a dhéanamh orthu.

- Féadfaidh fóin phóca a bheith mar uirlis shábháilteachta, go háirithe agus gníomhaíocht eachtrach ar bun. Ach tarlaíonn sé má bhíonn éigeandáil ann nach n-oibreoidh an fón póca de bharr glactha laig. Mar sin, níor chóir go mbeadh an iontaoibh sa teileafón ann in ionad an scil agus na hinniúlachtaí atá de dhíth le haghaidh a leithéid gníomhaíochtaí.
- Má thugann rannpháirtí Gaisce nó PAL a n-uimhir theileafóin phóca mar an uimhir theagmhála theileafóin agus an eachtra ar bun, cinntigh go bhfuil an áis leis an bhfón a choinneáil luchtaithe ar fáil agus go bhfuil creidmheas ag an bhfón.

4.4 Cód Iompair ar Úsáid Fón Ceamara

Ba chóir go gcomhaontódh na PALanna agus rannpháirtithe Gaisce cód iompair agus bunrialacha ar úsáid fón ceamaraí, go háirithe sa chuid eachtrach den Ghradam. Is iad seo a leanas bun-treoirlínte éagsúla.

- Ba chóir a bheith freagrach agus sábháilte agus fóin cheamaraí in úsáid.
- Ba chóir go mbeadh meas ag úsáideoirí fóin cheamara ar shaolta príobháideacha daoine eile agus gan pictiúir de dhaoine eile a ghlacadh ná a dháileadh má chuireann sé isteach ar a bpríobháideachas.
- Níor chóir glacadh le pictiúir ghráisciúla, mhígheanasacha nó bhagracha a sheoladh.
- Ba chóir rabhadh a thabhairt do dhaoine óga maidir leis na dainséir atá ann grianghraif díobh féin a sheoladh chuig duine nach bhfuil mórán aithne acu air.

Cód Iompraíochta don Fhoireann, PALanna, Oibrithe Deonacha agus Rannpháirtithe atá Bainteach le Gaisce

4.5 Polasaí ar Úsáid Ceamaraí agus Íomhánna Closamhairc

Ba chóir go gcomhaontódh na PALanna agus rannpháirtithe Gaisce cód iompair agus bunrialacha ar úsáid ceamaraí agus íomhánna closamhairc sula dtéann siad ar turas eachtrach le mí-úsáid ar bith a sheachaint. Úsáidfear na treoirlínte seo a leanas.

- Chomh fada agus is féidir tabharfaidh Gaisce faoi chead a fháil le híomhánna de rannpháirtithe Gaisce agus PALanna a úsáid sula mbaineann siad úsáid as a n-íomhánna chun críocha poiblíochta.
- Lorgóidh Gaisce cead ó na tuismitheoirí nó ó na caomhnóirí le grianghraif de rannpháirtithe Gaisce faoi bhun 18 mbliana d'aois a úsáid chun críocha poiblíochta ar bith.
- Ní úsáidfear ach íomhánna de rannpháirtithe Gaisce agus PALanna agus iad gléasta go hiomchuí.
- Má úsáidtear íomhánna de rannpháirtithe Gaisce nó PALanna go neamhfhóirsteanach cuirfear é seo in iúl don Duine Ainmnithe.
- Ag searmanais an Ghradaim agus ag ócáidí poiblí eile, fógróidh Gaisce go poiblí faoi úsáid trealaimh fhótagrafaigh agus chlosamhairc ionas go mbeidh duine ar bith nach mian leo go nglacfaí grianghraf díobh nó go ndéanfaí iad a fhísiú in ann imeacht as an áit.

5 Nósanna Imeachta le PALanna a Roghnú agus Réamhscrúdú a Dhéanamh Orthu

5.1 PALanna á Roghnú

1 In éineacht leis na próisis réamhscrúdaithe fhoirmiúla, iarrfar ar gach PAL ionchasach Foirm Tiomantais a chomhlánú, ina n-éilítear orthu aon chiontú coiriúil a d'fhéadfadh a bheith acu a nochtadh. San fhoirm iarrtar ainmneacha beirt mholtóir freisin.

2 Iarrfar ar na moltóirí Foirm Thagartha PAL a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Chomh maith leis sin forchoimeádann Gaisce aige féin an ceart le teagmháil a dhéanamh leis na moltóirí trí ghlao teileafóin agus teistiméireacht ó bhéal a iarraidh.

3 Mura seoltar na foirmeacha ar ais laistigh de fhráma ama réasúnta, gheobhaidh an moltóir an dara litir.

4 Mura seoltar an fhoirm thagartha ar ais i ndiaidh na dara litreach, cuirfidh Gaisce glaoch ar an moltóir agus iarrfar air/uirthi an litir a fhreagairt.

5 Má cheaptar go bhfuil an t-eolas a fuarthas san fhoirm thagartha nó ón moltóir ó bhéal, i gcoinbhleacht le ról an PAL, déanfaidh an Duine Ainmnithe nó an duine atá ceaptha ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin:

- cruinniú a iarraidh leis an PAL ionchasach le himpleachtaí na faisnéise a phlé agus an deis a thabhairt don PAL ionchasach míniú a thabhairt

nó

- an PAL ionchasach a chur ar an eolas nár éirigh leo lena n-iarratas de bharr na faisnéise a fuarthas fúthu tríd an róghnú nó tríd an bpróiseas réamhscrúdaithe foirmiúil.

6 Agus an roghnú agus an próiseas réamhscrúdaithe foirmiúil curtha i gcrích i gceart, cuirfear an PAL ar an eolas faoi.

Nósanna Imeachta le PALanna a Roghnú agus Réamhscrúdú a Dhéanamh Orthu

7 Gheobhaidh gach PAL nua leagan amach de ról PAL agus cóip de pholasaithe um Chosaint Leanaí agus Frithbhulaíochta Gaisce agus iarrfar orthu freastal ar cheardlann PAL sula dtosaíonn siad ag feidhmiú mar PAL.

5.2 PALanna á Réamhscrúdú

1 Déanfar réamhscrúdú ar na PALanna ionchasacha de réir na moltaí i dTuarascáil an Choiste Idir-Rannaigh ar Réamhscrúdú an Gharda Síochána mar a bhaineann siad le hEarnáil Dheonach na hOibre don Ógra.

2 Tá Gaisce cláraithe le Láraonad Réamhscrúdaithe an Gharda Síochána agus, dá bharr, déanfar gach réamhscrúdú go díreach i gcomhar le Láraonad Réamhscrúdaithe an Gharda Síochána.

3 Ní úsáidfear an fhaisnéis atá nochta ag an nGarda Síochána ach amháin chun na gcríocha inar lorgaíodh í ag féachaint go hiomlán do chearta iomaíochta an iarratasóra PAL agus na daoine óga is dóichí a bheidh curtha faoina gcúram.

4 Déanfaidh Gaisce gach iarracht an t-eolas a choinneáil faoi rún ar mhaithe lena chinntiú nach sáraítear teidlíocht phríobháideachais an iarratasóra.

5 Má fhaightear eolas ar chiontuithe ó Láraonad Réamhscrúdaithe an Gharda Síochána, beidh an deis ag an iarratasóir an t-eolas a phlé le Gaisce.

6 Ag leanúint leis an bplé sin, má cheaptar go bhfuil an t-eolas a fuarthas mar thoradh ar réamhscrúdú an Gharda Síochána i gcoinbhleacht le ról an PAL, cuirfear an t-iarratasóir PAL ar an eolas faoi seo.

6 Ag Déileáil le Líomhaintí i gCoinne na Foirne agus PALanna

Agus líomhain déanta i gcoinne PAL nó baill fhoirne, glacfar leis na céimeanna seo a leanas:

1. Déanfar beart ar bith a threorú leis na nósanna imeachta comhaontaithe, an conradh fostaíochta nó oibrí dheonaigh atá i bhfeidhm agus rialacha an cheartais nádúrtha. An tosaíocht a bheidh ann ná a chinntiú nach mbeidh páiste ar bith nochta do bhaol ar bith nach gá.
2. Cuirfear an Duine Ainmnithe (ach amháin má tá an líomhain á déanamh ina gcoinne) agus an Príomhfheidhmeannach ar an eolas faoi chomh luath agus is féidir.
3. Glacfaidh an Príomhfheidhmeannach, mar bheart práinne, beart ar bith atá riachtanach. Ba chóir go mbeadh an beart seo de réir leibhéal an bhaoil atá i gceist agus déanfar é a threorú le ceartas nádúrtha.
4. Déanfar an líomhain mí-úsáid leanaí i gcoinne baill foirne de Gaisce nó PAL a athleanúint i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis an nGarda Síochána.
5. Cinnteoidh an Príomhfheidhmeannach leis na bearta a ghlactar nach mbainfear an bonn d'fhiosruithe ar bith atá ar siúl ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó An Garda Síochána nó nach sárófar iad.

Aguisín 1
Sampla d'Fhoirm Toilithe

Tá mé ar an eolas go bhfuil (*ionsáigh ainm iomlán an rannpháirtí*) ar tí tabhairt faoin gcuid eachtrach den Ghradam Cré-umha, Airgid nó Óir. Tuigim go mbeidh (*ionsáigh líon na laethanta a iarradh*) lá de bheith imithe ón mbaile i gceist, chomh maith le (*ionsáigh líon na n-oícheanta a iarradh*) oíche.

Toilím go mbeidh siad rannpháirteach sa chuid seo den Ghradam agus táim ar an eolas faoi Pholasaí um Chosaint Leanaí Gaisce. Tá an fhoirm sláinte sínithe agam ina léirítear riachtanais liachta ar bith atá ag (*ionsáigh ainm iomlán an rannpháirtí*).

An gaol leis an duine óg:

Dáta:

Síniú:

Ainm iomlán (*priontáil le do thoil*):

Uimhir theileafóin theagmhála Fón póca:

Líne talún:

Aguisín 2
Sampla d'Fhoirm Sláinte

Gaisce the President's Award

Tá gach eolas faoi rún daingean agus ba chóir a bheith chomh mionsonraithe agus is féidir.

Ainm an rannpháirtí:

Seoladh:

Dáta breithe:

Uimhir teileafóin:

Suíomh agus nádúr na gníomhaíochta:

Teagmhálaithe le hAghaidh Éigeandálaí

Ba chóir go mbeadh na teagmhálaithe in ann an duine óg seo a bhailiú más gá.

Teagmhálaí 1 Tuismitheoir nó Caomhnóir

Ainm:

Seoladh:

An gaol leis an duine óg seo:

Uimhir theileafóin oibre:

Uimhir theileafóin bhaile:

Uimhir theileafóin phóca:

Teagmhálaí 2

(Ba chóir go mbeadh na mionsonraí teagmhála seo éagsúil ó Theagmhálaí 1)

Ainm:

Seoladh:

An gaol leis an duine óg seo:

Uimhir theileafóin oibre:

Uimhir theileafóin bhaile:

Uimhir theileafóin phóca:

Mionsonraí an Dochtúra

Ainm:

Seoladh:

Uimhir theileafóin:

Uimhir theagmhála éigeandála:

Mionsonraí Liachta

An bhfuil riochtaí sláinte ar bith ag an duine óg seo?

☐ Tá ☐ Níl

Má tá, Sonraigh le do thoil.

An bhfuil ailléirgí bia ar bith acu (mar shampla ailléirgí iasc nó cnónna)?

Tá Níl

Má tá, liostaigh le do thoil.

Liostaigh leigheasanna nó análóirí ar bith atá in úsáid.

An bhfuil:

Éisteacht lagaithe acu: Tá Níl

Radharc lagaithe acu: Tá Níl

Míchumas eile orthu: Tá Níl

Sonraigh le do thoil:

Cógas Reatha

An bhfuil cógais nó leigheasanna ar bith á nglacadh acu?

Tá Níl

Sonraigh le do thoil:

Chun críocha na coda eachtraí nó gníomhaíochta thar oíche:

Cinntigh go bhfuil dóthain cógais ag an duine óg seo don Fhiontar iomlán.

Mura bhfuil an duine óg in ann an cógas a thabhairt dóibh féin:

Tugaim cead don PAL/duine i gceannas an (*cógas, dáileogacht agus minicíocht*) a thabhairt do (*ainm an duine óig*). Tá litir iniata agam ón Dochtúir Ginearálta ina luaitear go bhfuil cead ag an duine i gceannas an cógas a thabhairt.

I gcás éigeandála, tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi cad is féidir leo glacadh leis:

Paraicéiteamól: ☐ Tá ☐ Níl

Aspairín: ☐ Tá ☐ Níl

Eile (*tabhair mionchuntas le do thoil*):

Cén uair dheireanach a bhí instealladh teiteanais acu?

An raibh frithghníomh díobhálach acu riamh le hainéistéiseach?

☐ Bhí ☐ Ní raibh

Má bhí, sonraigh le do thoil.

An Bhfuil Aon Eolas ar bith Eile Ábhartha Ann?

I gcás éigeandála, déanfaidh na PALanna nó na daoine atá i gceannas gach rud is féidir leo a dhéanamh le teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí nó leis na caomhnóirí ionas go mbeifear in ann na cinntí liachta cuí a dhéanamh do dhaoine óga atá faoina gcúram.

I gcásanna foircneacha, ina bhfuil cóir leighis de dhíth láithreach agus má tá sé dodhéanta teagmháil a dhéanamh leo siúd atá ainmnithe thuas, tugaim údarás don PAL nó don duine i gceannas le cóir leighis ar bith a thoiliú thar mo cheann/thar ár gceann (*scrios de réir mar is cuí le do thoil*).

Síniú:

Dáta:

Ainm iomlán (*priontáil le do thoil*):

An gaol leis an duine óg:

Ní mór don toiliú a bheith curtha ar fáil ag an duine le freagracht tuismitheoirí.

Gaisce
the
President's
Award